2025/920

20.5.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/920 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Bealtaine 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 a mhéid a bhaineann le bearta mionsonraithe áirithe i ndáil le cur chun feidhme na mbunchaighdeán comhchoiteann maidir le slándáil na heitlíochta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2320/2002 ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I bhfianaise na taithí a fuarthas trí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ([2]) léiríodh go bhfuil gá le leasuithe ar bhearta le haghaidh cur chun feidhme bunchaighdeán coiteann áirithe maidir le slándáil na heitlíochta.

(2) Liostaítear i gceangaltáin 3-B, 4-B agus 5-A a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 na tríú tíortha a aithnítear mar thíortha a chuireann caighdeáin slándála i bhfeidhm atá coibhéiseach leis na bunchaighdeáin choiteanna maidir le slándáil eitlíochta.

(3) Fuair an Coimisiún faisnéis ó Ríocht na Danmhairge nach bhfuil aerfort Kangerlussuaq atá suite sa Ghraonlainn ag cur bunchaighdeáin choiteanna Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 i bhfeidhm a thuilleadh. Thairis sin, tar éis Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann tarraingt siar as an Aontas, níl aerfoirt Gheansaí, Oileán Mhanann agus Gheirsí ábhartha a thuilleadh maidir le rialú slándála aonair an Aontais. Ar deireadh, ní chomhlíonann aerfort Ben Gurion, Tel Aviv, atá lonnaithe i Stát Iosrael, na critéir a leagtar amach i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 272/2009 ón gCoimisiún ([3]) a thuilleadh, maidir le slándáil aerárthaí agus scagadh paisinéirí agus bagáiste cábáin.

(4) Dá bhrí sin, is gá aerfoirt Kangerlussuaq, Gheansaí, Oileán Mhanann agus Gheirsí a bhaint de na liostaí i gCeangaltáin 3-B, 4-B, 5-A a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 agus aerfort Ben Gurion, Tel Aviv, a bhaint de na liostaí i gCeangaltáin 3-B agus 4-B a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(5) Ina theannta sin, mar gheall ar an athrú atá ag teacht ar an léargas bagartha agus riosca i slándáil na heitlíochta sibhialta, is gá na bearta mionsonraithe le haghaidh chur chun feidhme na mbunchaighdeán coiteann i réimse na slándála aerlasta agus aerphoist a neartú go práinneach, chun athléimneacht a fheabhsú agus maolú leordhóthanach ar bhagairtí nua a áirithiú.

(6) Ba cheart bearta mionsonraithe áirithe maidir le slándáil eitlíochta a shoiléiriú, a chomhchuibhiú nó a shimpliú sna réimsí a bhaineann le hoiliúint, deimhniú agus athdheimhniú pearsanra slándála agus le gnáththástáil trealaimh slándála chun soiléireacht dhlíthiúil a fheabhsú, léirmhíniú coiteann na bhforálacha ábhartha a chaighdeánú agus a áirithiú a thuilleadh go gcuirfear chun feidhme na bunchaighdeáin coiteanna maidir le slándáil eitlíochta ar an mbealach is fearr.

([1]) IO L 97, 9.4.2008, lch. 72, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/300/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ón gCoimisiún an 5 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta mionsonraithe i ndáil le cur chun feidhme na mbunchaighdeán coiteann maidir le slándáil eitlíochta (IO L 299, 14.11.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/1998/oj).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 272/2009 ón gCoimisiún an 2 Aibreán 2009 lena bhforlíontar na bunchaighdeáin choiteanna maidir le slándáil na heitlíochta sibhialta a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 91, 3.4.2009, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/272/oj).

(7) Ós rud é go bhféadfadh sé go mbeadh ar na Ballstáit mionathruithe áirithe a dhéanamh ar an gcreat náisiúnta de bharr roinnt de na bearta i réimse dheimhniú agus athdheimhniú an phearsanra slándála, ba cheart cur i bhfeidhm na mbeart sin a chur siar 6 mhí ar a laghad tar éis ghlacadh an Rialacháin seo.

(8) Chun cur chun feidhme na mbeart mionsonraithe i réimse na slándála aerlasta agus poist a áirithiú ar an mbealach is gasta, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 a leasú dá réir.

(10) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 19(1) de Rialachán (CE) Uimh. 300/2008,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 i gcomhréir leis an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Mar sin féin, beidh feidhm ag pointí 8, 10 agus 11 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 mar a leanas:

(1) sa liosta i gCeangaltán 3-B, scriostar na hiontrálacha seo a leanas:

'An Ghraonlainn, maidir le haerfort Kangerlussuaq

Geansaí

Oileán Mhanann

Geirsí

Stát Iosrael, maidir le hAerfort Idirnáisiúnta Ben Gurion';

(2) sa liosta i gCeangaltán 4-B, scriostar na hiontrálacha seo a leanas:

'An Ghraonlainn, maidir le haerfort Kangerlussuaq

Geansaí

Oileán Mhanann

Geirsí

Stát Iosrael, maidir le hAerfort Idirnáisiúnta Ben Gurion';

(3) sa liosta i gCeangaltán 5-A, scriostar na hiontrálacha seo a leanas:

'An Ghraonlainn, maidir le haerfort Kangerlussuaq

Geansaí

Oileán Mhanann

Geirsí';

(4) i gcaibidil 6 cuirtear isteach na pointí 6.0.7 agus 6.0.8 mar a leanas:

'6.0.7 Chun críocha na hIarscríbhinne seo, ciallaíonn 'gaolmhaireacht gnó' gaolmhaireacht idir daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ag gabháil do chomhaontú lena mbaineann oibríochtaí a dhéanamh, amhail aerlasta nó aerphost a sheachadadh, a ghlacadh, a phróiseáil, a láimhseáil, a luchtú, a dhíluchtú agus a iompar.

6.0.8 Chun críocha na hIarscríbhinne seo, ciallaíonn 'gaolmhaireacht gnó bhunaithe':

(a) gaolmhaireacht gnó a bunaíodh roimh an 1 Meán Fómhair 2024; nó

(b) gaolmhaireacht gnó a bunaíodh tar éis an 1 Meán Fómhair 2024, trína ndearna an gníomhaire rialáilte an fhaisnéis nó na doiciméid seo a leanas a iarraidh, a fháil agus a choinneáil ón seoltóir nó ón gcoinsíneoir, nó ón gcoinsíní íocaíochta lasta, de réir mar is infheidhme:

— faisnéis phearsanta, ghnó nó chorparáideach, lena n-áirítear ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist;

— faisnéis íocaíochta, amhail cuntas bainc nó uimhir cárta creidmheasa inrianaithe;

— uimhir CBL, deimhniú clárúcháin cuideachta, más infheidhme;

— comhaontú conarthach.'

(5) i gcaibidil 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 6.3.2.1 agus 6.3.2.2:

‘6.3.2.1 Agus é ag glacadh le haon choinsíneacht, déanfaidh gníomhaire rialáilte an méid seo a leanas:

(a) suífidh sé gur gníomhaire rialáilte nó coinsíneoir aitheanta é an t-eintiteas óna bhfaigheann sé na coinsíneachtaí nó suífidh sé nach ceachtar acu sin é an t-eintiteas óna bhfaigheann sé na coinsíneachtaí;

(b) déanfaidh sé scrúdú ar an taobh amuigh d’aon choinsíneacht a fhaightear, lena n-áirítear aon chomhdhlúthú, le haghaidh comharthaí gur baineadh dóibh, go ndearnadh crioscaíl orthu nó aon aimhrialtacht a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis amhrais.

6.3.2,2 Iarrfaidh an gníomhaire rialáilte ar an duine a sheachadfaidh aon choinsíneacht cárta aitheantais, pas, ceadúnas tiomána nó doiciméad eile a thaispeáint, ar a mbeidh grianghraf de nó di agus a bheidh eisithe nó aitheanta ag údarás náisiúnta. Úsáidfear an cárta nó an doiciméad chun céannacht an duine a sheachadann na coinsíneachtaí a dhearbhú.

Mura dtaispeántar doiciméad bailí lena suitear céannacht an duine a sheachadann na coinsíneachtaí, diúltófar do na coinsíneachtaí agus marcálfar iad agus an doiciméadacht a ghabhann leo i gcomhréir le pointe 6.1.3, nó an oibleagáid na forálacha breise a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8005 a chur i bhfeidhm.’;

(6) i gcaibidil 6 cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6.8.3.2:

‘6.8.3.2 Déanfar aerlasta agus post a iompraítear isteach san Aontas a scagadh le ceann de na modhanna atá liostaithe i bpointe 6.2.1 go caighdeán leordhóthanach chun a áirithiú go réasúnta nach bhfuil aon earraí toirmiscthe ann. Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, ní fhéadfar ACC3 nó RA3 a fhormheas le haghaidh madraí braite pléascán (EDD) a úsáid chun scagadh a dhéanamh ar aerlasta agus post arb é an tAontas a gceann scríbe ach amháin más rud é, le linn phróiseas bailíochtaithe slándála eitlíochta an Aontais, gur bhreathnaigh an t-údarás iomchuí nó bailíochtóir slándála eitlíochta iomchuí de chuid an Aontais an próiseas scagtha EDD agus gur mheas sé gur chomhlíon sé na cuspóirí a liostaítear sa seicliosta a leagtar amach i gCeangaltán 6-M.’;

(7) i gcaibidil 6, cuirtear isteach an ceangaltán 6-M seo a leanas:

‘CEANGALTÁN 6-M

SEICLIOSTA BAILÍOCHTAITHE LE hAGHAIDH MADRAÍ BRAITE PLÉASCÁN (EDD) TRÍÚ TÍR

Nótaí agus treoracha maidir le comhlánú

Is é is aidhm don bhailíochtú measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an clár EDD is infheidhme i dtríú tír agus an próiseas scagtha gaolmhar a breathnaíodh ag suíomh ACC3 nó RA3 coibhéiseach le ceanglais rialála an Aontais, mar a leagtar amach i bpointe 6.8.3.2 den Iarscríbhinn seo.

Úsáidfear an seicliosta sin go heisiach chun measúnú agus meastóireacht a dhéanamh, más infheidhme, ar na ceanglais agus ar na hoibríochtaí a bhaineann le EDD. Ní thagann sé in ionad na hoibleagáide atá ar bhailíochtóir an Aontais cheana an seicliosta 6-C2 nó 6-C3 iomchuí a úsáid, ach forlíonann sé an oibleagáid sin, agus bailíochtú slándála eitlíochta an Aontais á dhéanamh aige ar RA3 nó ACC3, faoi seach. Dá bhrí sin, i gcás inarb infheidhme beidh an seicliosta sin ina chuid lárnach de thuarascáil an Aontais maidir le bailíochtú slándála eitlíochta agus cuirfear faoi bhráid an údaráis iomchuí é.

Le linn bhailíochtú slándála eitlíochta an Aontais ar RA3 nó ACC3 ina n-úsáidtear EDD, déanfar ceisteanna 5.7 agus 5.8 atá i seicliosta 6-C2 agus ceisteanna 7.7 agus 7.8 atá i seicliosta 6-C3, de réir mar is infheidhme, a líonadh isteach trí úsáid a bhaint as an seicliosta sin.

Agus an seicliosta seo á líonadh isteach agat, tabhair faoi deara, má bhíonn freagra DIÚLTACH ar aon cheist a chuirtear i láthair i gcló trom, NÍ MÓR an bailíochtú a mheas mar THEIP, ach amháin mura mbaineann an cheist le hábhar.

CUID 1

Sainaithint an oibreora, an eintitis nó an údaráis a úsáideann EDD agus bhailíochtóir slándála eitlíochta an Aontais

1.1.	Dáta/dátaí agus suíomh bailíochtaithe EDD	
	Úsáid formáid dáta bheacht, cuir i gcás ón 1/10/2025 go dtí an 2/10/2025	
	ll/mm/bbbb	
1.2.	Dáta an bhailíochtaithe/na mbailíochtuithe EDD roimhe seo i gcás inarb infheidhme	
	ll/mm/bbbb	
1.3.	Faisnéis faoi bhailíochtóir slándála eitlíochta an Aontais	
	Ainm	
	Cuideachta/Eagraíocht/Údarás Iomchuí	
	Aitheantóir uathúil alfa-uimhriúil (UAI)	
	Seoladh ríomhphoist	
	Uimhir theileafóin – cóid idirnáisiúnta san áireamh	
1.4.	Ainm an oibreora, an eintitis nó an údaráis scagtha EDD	
	Ainm	
	Mionsonraí: Sonraigh cineál an oibreora, an eintitis nó an údaráis agus tabhair mionsonraí: — cuideachta scagtha phríobháideach; — cuideachta faoi rialáil an rialtais; — saoráid nó comhlacht scagtha rialtais; — Eile Sonraigh cineál an chomhaontaithe nó an chonartha idir an t-eintiteas bailíochtaithe agus an t-eintiteas a chuireann an scagadh i bhfeidhm thar a cheann.	
	Uimhir chuideachta (e.g. uimhir aitheantais cláir tráchtála, más infheidhme)	
	Uimhir/Aonad/Foirgneamh	
	Sráid	
	Baile	
	Cód Poist	
	Stát (i gcás inarb ábhartha)	
	Tír	
	Seoladh bosca poist, más infheidhme	
	Aitheantóir uathúil alfa-uimhriúil (UAI) ACC3 nó RA3, má tá sé ar fáil cheana féin	
1.5.	Neaslíon na bhfostaithe a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí EDD (e.g. láimhseálaithe agus baill foirne eile)	
	Uimhir	

1.6. Ainm agus teideal an duine atá freagrach as scagadh EDD	
Ainm	
Teideal an phoist	
Seoladh ríomhphoist	
Uimhir theileafóin – cóid idirnáisiúnta san áireamh	
1.7. Sonraí na bhfoirne madraí agus láimhseálaithe a formheasadh ag an áitreabh atá á bhailíochtú.	
Ainm EDD, láimhseálaí madraí agus uimhreacha micrishliseanna EDD.	

CUID 2

Oiliúint tosaigh agus deimhniú nó formheas EDDanna agus láimhseálaithe

2.1. **An gcuirtear EDDanna agus a láimhseálaithe faoi oiliúint tosaigh?**	
CUIRTEAR nó NÍ CHUIRTEAR	
Más rud é go gCUIRTEAR, tabhair tuairisc ar an gclár oiliúna agus ar na hábhair a chumhdaítear sa chlár oiliúna.	
2.2. **An bhfuil taifid oiliúna ag an soláthraí EDD ina sonraítear an oiliúint atá déanta ag gach teaglaim madra agus láimhseálaí?**	
TÁ nó NÍL	
Má TÁ, tabhair tuairisc ar an bhfianaise a sholáthraítear laistigh de na taifid oiliúna i leith oiliúint tosaigh agus trácht á dhéanamh ar a mhinice a chuirtear oiliúint ar an bhfoireann nó ar na foirne EDD.	
2.3. **An gcuirtear na EDDanna faoi réir próiseas deimhniúcháin nó formheasa ag deireadh na hoiliúna tosaigh? Má chuirtear, an próiseas deimhniúcháin náisiúnta nó náisiúnta é?**	
CUIRTEAR nó NÍ CHUIRTEAR	
Más rud é go gCUIRTEAR, tabhair tuairisc ar an bpróiseas deimhniúcháin ar fad agus ar an doiciméadacht ghaolmhar a thacaíonn leis an measúnú	
2.4. An mbaintear úsáid as fíor-spriocábhar pléascach le linn deimhnithe nó formheasa?	
BAINTEAR nó NÍ BHAINTEAR	
Más rud é NACH mBAINTEAR, sonraigh an cineál cabhrach oiliúna a úsáidtear	
2.5. An gcuirtear sprioc-ábhar pléascach i bhfolach i gcoinsíneacht lasta ionsamhlaithe réalaíoch le linn deimhnithe?	
CUIRTEAR nó NÍ CHUIRTEAR	
Más rud é go gCUIRTEAR, déan cur síos air.	

2.6.	**An féidir fianaise dhoiciméadach a chur ar fáil chun a thaispeáint gur éirigh le EDDanna agus a láimhseálaithe sa phróiseas deimhniúcháin, agus an raibh rochtain ag an mbailitheoir ar an bhfaisnéis sin?**	
	IS FÉIDIR nó NÍ FÉIDIR	
	Más rud é GUR FÉIDIR, cuir sampla den doiciméad i gceangal	
2.7.	An bhfuil údarás ann atá freagrach as an bpróiseas deimhniúcháin, e.g. rialtóir náisiúnta/Stáit?	
	TÁ nó NÍL	
	Má TÁ, tabhair sonraí an údaráis atá freagrach as an bpróiseas. An próiseas é atá formheasta ag an stát nó an próiseas deimhniúcháin de chuid na n-eintiteas príobháideach féin é?	
2.8.	An bhfuil na EDDanna oilte chun pléascáin a bhrath, agus iad sin amháin, agus an bhfuil sé sin teoranta d'aerlasta agus aerphost a scagadh, nó do chatagóirí níos leithne?	
	CUIRTEAR nó NÍ CHUIRTEAR	
	Más rud é NACH BHFUIL, tabhair míniú.	
2.9.	An mbaintear úsáid as fíorphléascáin chun EDD a dheimhniú?	
	CUIRTEAR nó NÍ CHUIRTEAR	
	Más rud é NACH BHFUIL, tabhair míniú.	
2.10.	**Conclúid: I bhfianaise na faisnéise faoin oiliúint tosaigh agus faoin bpróiseas deimhniúcháin a chuirtear ar fáil, an bhfuil an bailíochtóir réasúnta cinnte go bhfuil na próisis coibhéiseach le ceanglais rialála an Aontais? Baintear úsáid as fíorphléascáin chun EDD a dheimhniú.**	
	TÁ nó NÍL	
	Más rud é NACH bhFUIL, sonraigh na cúiseanna	

CUID 3

Ábhair oiliúna

3.1.	An bhfuil cineálacha éagsúla ábhar agus/nó áiseanna oiliúna á n-úsáid chun oiliúint a chur ar EDDanna?	
	TÁ nó NÍL	
	Má TÁ, sonraigh na cineálacha éagsúla ábhar agus áiseanna oiliúna atá á n-úsáid. Má úsáidtear ábhar oiliúna, tabhair, mar shampla, an t-údarú chun an t-ábhar oiliúna sin a shealbhú.	
3.2.	An ndéantar na hábhair oiliúna a athnuachan/a athrú go minic chun a chinntiú go leanfaidh siad de bheith éifeachtach agus oiriúnach dá bhfeidhm?	
	DÉANTAR nó NÍ DHÉANTAR	
	Más rud é go nDÉANTAR, sonraigh cé chomh minic a athraítear na hábhair agus an próiseas chun a chinneadh cathain is gá ábhair oiliúna a athrú.	

3.3. An gcuirtear oiliúint ar na madraí i gcásanna réalaíocha agus an gcuirtear lastas i bhfolach ar bhealach tipiciúil, cuir i gcás le boladh folaithe?	
CUIRTEAR nó NÍ CHUIRTEAR	
Más rud é NACH gCUIRTEAR, sonraigh na cúiseanna	
3.4 **A bhfuil fianaise dhoiciméadach curtha ar fáil chun gur féidir le bailíochtóir slándála eitlíochta an Aontais measúnú a dhéanamh ar an gCuid seo mar Chuid atá coibhéiseach le ceanglais rialála an Aontais?**	
TÁ nó NÍL	
Más rud é NACH bhFUIL, sonraigh na cúiseanna	

CUID 4

Rialú cáilíochta

4.1. An bhfuil EDDanna agus a láimhseálaithe faoi réir clár seachtrach um rialú cáilíochta?	
TÁ nó NÍL	
Má TÁ, tabhair tuairisc ar an gclár seachtrach um rialú cáilíochta, an mhinicíocht san áireamh, agus ar an eintiteas atá freagrach as é a sholáthar.	
4.2. An bhfuil torthaí tástálacha seachtracha um rialú cáilíochta ag eintiteas EDD?	
TÁ nó NÍL	
Má TÁ, sonraigh torthaí na dtástálacha seachtracha um dhearbhú cáilíochta le déanaí le haghaidh gach teaglama gníomhaí madra agus láimhseálaí.	
4.3. An bhfuil EDDanna agus a láimhseálaithe faoi réir clár inmheánach leanúnach tráthrialta um rialú cáilíochta?	
TÁ nó NÍL	
Má TÁ, tabhair tuairisc ar an gclár inmheánach um rialú cáilíochta agus ar a mhinicíocht.	
4.4. An gcoinníonn an t-eintiteas, oibreoir nó údarás EDD, de réir mar is infheidhme, torthaí tástálacha inmheánacha um rialú cáilíochta?	
COINNÍONN nó NÍ CHOINNÍONN	
Más rud é go gCOINNÍONN, sonraigh torthaí na dtástálacha inmheánacha um rialú cáilíochta le déanaí le haghaidh gach teaglama gníomhaí madra agus láimhseálaí.	
4.5. **Conclúid: An féidir leis an mbailitheoir a bheith cinnte go bhfuil na próisis inmheánacha agus sheachtracha um rialú cáilíochta araon coibhéiseach le ceanglais an Aontais?**	
IS FÉIDIR nó NÍ FÉIDIR	
Más rud é NACH FÉIDIR, sonraigh na cúiseanna	

CUID 5

Oiliúint leanúnach (sheasta)

5.1.	An gcuirtear EDDanna agus a láimhseálaithe faoi oiliúint leanúnach nó oiliúint sheasta tar éis deimhniúcháin nó formheasa?	
	CUIRTEAR nó NÍ CHUIRTEAR	
	Más rud é go gCUIRTEAR, tabhair tuairisc ar an gclár oiliúna agus ar na hábhair a chumhdaítear sa chlár oiliúna. Is féidir an freagra a bheith mar an gcéanna le ceist 2.1 agus 2.2.	
5.2.	An bhfuil an oiliúint leanúnach á cur ar siúl ag minicíocht leordhóthanach chun inniúlacht EDDanna a choinneáil ar bun?	
	TÁ nó NÍL	
	Má TÁ, tabhair tuairisc ar mhinicíocht na hoiliúna leanúnaí. Go hidéalach, ba cheart oiliúint a chur ar siúl gach lá.	
5.3.	An bhfuil aon fhianaise ar bhearta feabhais atá i bhfeidhm chun aon tearcfheidhmíocht san oiliúint nó sna tástálacha um rialú cáilíochta a réiteach?	
	TÁ nó NÍL	
	Má TÁ, tabhair tuairisc ar an bpróiseas atá ann chun bearta feabhais sásúla a shainaithint.	
5.4	An gcoinníonn soláthraí EDD taifead iomlán ar gach oiliúint agus deimhniú maidir le EDDanna (agus láimhseálaithe) (agus aon athoiliúint nó athdheimhniú/formheas san áireamh)?	
	COINNÍONN nó NÍ CHOINNÍONN	
	Más rud é NACH gCOINNÍONN, cad iad na taifid oiliúna agus deimhniúcháin a choinnítear?	
5.5.	**Conclúid: I bhfianaise na faisnéise faoin oiliúint leanúnach, an bhfuil an bailíochtóir réasúnta cinnte go bhfuil an próiseas coibhéiseach le ceanglais an Aontais?**	
	TÁ nó NÍL	
	Más rud é NACH bhFUIL, sonraigh na cúiseanna	

CUID 6

Breathnóireacht ar an bpróiseas scagtha

6.1	**An bhfuil an próiseas scagtha lasta breathnaithe ag an mbailíochtóir?**	
	TÁ nó NÍL	
	Má TÁ, an gcomhlíonann an próiseas scagtha ceanglais an Aontais?	
	Más rud é NACH bhFUIL, sonraigh na cúiseanna.	

6.2. Tabhair tuairisc ar fholláine ghinearálta na madraí agus chomh hairdeallach atá siad. An bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad sláintiúil agus compordach? An bhfuil siad dírithe ar a gcúram nó an bhfuil an chuma ar an scéal go mbíonn a n-aird bainte de?	
6.3. **Ar chuir an t-eintiteas fianaise ar fáil maidir lena phrótacal um aláraim EDD a réiteach?**	
CHUIR nó NÍOR CHUIR	
Má CHUIR, déan cur síos mionsonraithe ar an bpróiseas ar fad.	
6.4. **Conclúid: Ar cuireadh fianaise leordhóthanach ar fáil leis an bhfíorú ar an láthair chun gur féidir leis an mbailíochtóir a bheith réasúnta cinnte go léiríonn na próisis a breathnaíodh agus a taifeadadh go gcomhlíonann scagadh EDD caighdeáin an Aontais?**	
CUIREADH nó NÍOR CUIREADH	
Más rud é NÁR CUIREADH, sonraigh na cúiseanna.'	

(8) i gcaibidil 11 cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 11.0.2:

'11.0.2 Chun críoch na Caibidle seo, ciallaíonn 'deimhniúchán' agus 'athdheimhniúchán' meastóireacht fhoirmiúil agus dearbhú foirmiúil ón údarás iomchuí nó thar a cheann lena léirítear gur éirigh leis an duine an oiliúint ábhartha a chur i gcrích, agus go bhfuil na hinniúlachtaí is gá ag an duine chun feidhmeanna arna sannadh a dhéanamh ar leibhéal inghlactha. Déanfar na próisis deimhniúcháin agus athdheimhniúcháin a chaighdeánú ar an leibhéal náisiúnta.';

(9) i gcaibidil 11 scriostar pointe 11.1.12;

(10) i gcaibidil 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 11.3.2 go 11.3.5:

'11.3.2 Áireofar an méid seo a leanas sa phróiseas deimhniúcháin nó formheasa tosaigh:

(a) tástáil theoiriciúil nó agallamh painéil ina ndéanfar measúnú ar an eolas teoiriciúil is gá chun na feidhmeanna arna sannadh a dhéanamh; agus

(b) triail phraiticiúil lena ndéantar measúnú ar na hinniúlachtaí is gá chun na feidhmeanna arna sannadh a dhéanamh; agus

(c) i gcás daoine a oibríonn trealamh x-gha agus EDS, tástáil chaighdeánaithe um léirmhíniú íomhánna.

11.3.3 Áireofar an méid seo a leanas sa phróiseas deimhniúcháin nó ath-fhormheasa:

(a) tástáil theoiriciúil nó agallamh painéil ina ndéanfar measúnú ar an eolas teoiriciúil is gá chun na feidhmeanna arna sannadh a dhéanamh; agus

(b) meastóireacht ar an bhfeidhmíocht oibríochtúil lena gcumhdaítear na feidhmeanna uile arna sannadh nó tástáil phraiticiúil lena ndéantar measúnú ar na hinniúlachtaí is gá chun na feidhmeanna arna sannadh a dhéanamh, mar a shainmhíníonn an t-údarás iomchuí; agus

(c) i gcás daoine a oibríonn trealamh x-gha agus EDS, tástáil chaighdeánaithe um léirmhíniú íomhánna.

11.3.4 Beidh an triail theoiriciúil nó an t-agallamh painéil comhdhéanta de roinnt ceisteanna agus/nó ábhar a bheidh leordhóthanach chun measúnú cuimsitheach críochnúil a dhéanamh ar eolas an iarrthóra.

11.3.5 Is éard a bheidh sa triail chaighdeánaithe um léirmhíniú íomhánna roinnt íomhánna, ar leibhéil éagsúla deacrachta, a bheidh leordhóthanach chun measúnú a dhéanamh ar eolas agus scileanna léirmhínithe an iarrthóra maidir le gach catagóir d'earraí toirmiscthe atá ábhartha do na feidhmeanna arna sannadh.';

(11) i gcaibidil 11 cuirtear isteach na pointí 11.3.6 go 11.3.9 mar a leanas:

'11.3.6 Féadfaidh an t-údarás iomchuí teagascóir deimhnithe a údarú a bheidh ag gabháil d'oiliúint a chur ar an bpearsanra slándála chun an tástáil phraiticiúil dá dtagraítear i bpointe 11.3.2 (b) agus i bpointe 11.3.3. (b) a dhéanamh, ar na coinníollacha seo a leanas:

(a) go mbeidh an nós imeachta tástála agus a ábhar formheasta ag an údarás iomchuí;

(b) go gcuirfear torthaí na tástála faoi bhráid an údaráis iomchuí lena meastóireacht mar chuid den phróiseas deimhniúcháin nó athdheimhniúcháin; agus

(c) go ndéanfaidh an t-údarás iomchuí rialú cáilíochta tráthrialta ina leith sin.

11.3.7 Cé is moite den mheastóireacht ar fheidhmíocht oibríochtúil lena gcumhdaítear na feidhmeanna uile arna sannadh mar a leagtar síos i bpointe 11.3.3 (b), ní mór don údarás iomchuí gach eilimint de na próisis deimhniúcháin agus athdheimhniúcháin a dhéanamh, nó ní mór iad a dhéanamh thar a cheann.

Ní mór d'institiúid oiliúna nó a leithéid, atá fostaithe ag an údarás iomchuí chun an deimhniú a dhéanamh thar a gceann, a bheith go hiomlán neamhspleách ar oibreoirí agus ar sholáthraithe slándála a fhostaíonn pearsanra slándála agus ar theagascóirí a sholáthraíonn aon oiliúint i gcomhréir le Caibidil 11.2. Níl feidhm aige sin maidir leis an rogha a bhaineann leis na tástálacha praiticiúla a luaitear faoi phointe 11.3.6.

11.3.8 Mura dtabharfar faoi athdheimhniú nó ath-fhormheas nó mura gcuirfear i gcrích go rathúil iad laistigh d'amscála réasúnta, nach faide ná 3 mhí de ghnáth, tarraingeofar siar na teidlíochtaí slándála gaolmhara.

11.3.9 Coinneofar taifid deimhniúcháin nó formheasa le haghaidh gach duine atá deimhnithe nó formheasta, faoi seach, ar feadh thréimhse a gconartha ar a laghad.';

(12) i gcaibidil 11, pointe 11.4.1, ag deireadh an dara mír, cuirtear an abairt seo a leanas isteach:

'Dáilfear an oiliúint agus an tástáil go cothrom thar gach tréimhse 6 mhí más féidir. Nuair nach féidir é sin a dhéanamh, déanfar an oiliúint agus an tástáil ag deireadh gach tréimhse 6 mhí.';

(13) i gcaibidil 12 cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 12.0.1.2:

'12.0.1.2 Déanfar tástáil inghlacthachta láithreáin ar gach píosa trealaimh slándála atá á shuiteáil chomh maith le gnáththástáil ina dhiaidh sin air. Déanfar an ghnáththástáil gan beann ar an gcothabháil thráthrialta agus ar mhinicíocht lena n-áirithítear gur féidir aon mhífheidhm nó laghdú ar chumas feidhmíochta nó braite an phíosa trealaimh a shainaithint go réasúnta pras.';

(14) i gcaibidil 12 scriostar na pointí 12.4.2.3 go 12.4.2.5.